



Treoir maidir le Nós Imeachta Éileamh Bheaga sa Chúirt Dúiche

Cad é an Nós Imeachta maidir le hÉilimh Bheaga?

Is é atá sa Nós Imeachta maidir le Éilimh Bheaga ná modh eile chun tús a chur le agus déileáil le himeacht shibhialta i leith éilimh bheaga agus foráiltear dó faoi Rialacha na Cúirte Dúiche (Nós Imeachta maidir le Éilimh Bheaga), 1997 & 1999 mar atá leasaithe ag Ionstraim Reachtúil 519 de 2009, Ordú 53A. Is seirbhís é a chuirtear ar fáil i d'oifig Chúirte Dúiche áitiúil agus tá sé saincheaptha chun éilimh thomhaltóirí a láimhsiú go saor gan pháirtíocht aturnae.

Chun a bheith i dteideal leas a bhaint as an nós imeachta seo mar 'tomhaltóir' ní mór duit a bheith tar éis na hearraí nó an tseirbhís (na seirbhísí) a cheannach chun críche úsáide príobháidí ó dhuine a bhí á ndíol mar chuid dá g(h)nó.

Chun a bheith i dteideal leas a bhaint as an nós imeachta seo mar 'ghnó' ní mór duit a bheith tar éis na hearraí nó an tseirbhís (na seirbhísí) a cheannach chun iad a úsáid i ngnó ó dhuine a bhí á ndíol mar chuid dá g(h)nó.

Tabhair faoi deara le do thoil nach mbíonn Cúirt na nÉileamh Beag ag plé le héilimh ar fhiach ná ar airgead dlite, i gcás éilimh thomhaltóirí ná éilimh gnó.

Cad iad na cineálacha éileamh ar féidir déileáil leo?

- éileamh ar earraí nó seirbhísí ceannaithe d'úsáid phríobháideach ó dhuine atá á dhíol i mbun ghnó (éilimh thomhaltóirí)
- éileamh ar earraí nó seirbhísí ceannaithe d'úsáid le linn gnó ó dhuine atá á dhíol i mbun ghnó (éilimh gnó)
- éileamh ar dhamáiste beag domhaoin (ach gan díobháil pearsanta san áireamh)
- éileamh ar éarlais chíosa nár tugadh ar ais do chineáil áirithe maoine ar cíós. Mar shampla, teach saoire nó seomra / árasán in áitreabh ina bhfuil an úinéir ina chónaí chomh maith

ach nach bhfuil éileamh níos mó ná € 2,000 i gceist.

Caithfear éilimh i leith ábhair eile a bhainneann le lóistín ar cíós a thabhairt chuig:

An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe,

Bosca P.O. 47,

Cloich na Coillte, Co. Chorcaí.

Láithreáin Gréasáin: www.rtb.ie

Cén cineál na n-éileamh a eisiamh as an nós imeachta um éilimh bheaga?

Níl éilimh a éiríonn ó na nithe seo a leanas san áireamh i ngnáthamh na néilimh bheaga:

- a. comhaontú fruilcheannaigh
- b. comhaontú léasaithe a shárú
- c. fiach

An bhfuil aon táille le n-íoc?

Is é an táille a ghearrtar ar éilimh bheaga a dhéanamh ná €25.

Conas a dhéanfaidh mé éileamh?

Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne (www.smallclaims.courts.ie) nó déan teagmháil le do Oifig Chúirte Dúiche áitiúil. Tabharfaidh Cláráitheoir na nÉilimh Bheaga foirm iarratais speisialta duit. Is féidir an fhoirm a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna agus é a comhlánú roimh dul go dtí an oifig.

Cad a tharlaíonn ansin?

Is ceart an fhoirm iarratais chomhlánaithe in éineacht leis an táille €25 a thaisceadh le Cláráitheoir na nÉilimh Bheaga. Seolfaidh an Cláráitheoir cóip den fhoirm iarratais chomhlánaithe chuig an bpearsa/bpáirtí, ar a dtugtar an Freagraí, ar ina (h)aghaidh atá éileamh á dhéanamh agat. Coinneofar an fhoirm iarratais bhunaidh in oifig an Chláráitheora.

Cad a tharlaíonn má agóidtear in aghaidh m'éilimh?

Má fhaigheann Cláráitheoir na nÉilimh Bheaga fógra ón bhFreagraí ina n-agóidtear in aghaidh d'éilimh nó ina ndéantar frithéileamh i d'aghaidh, déanfaidh an Cláráitheoir teagmháil leat agus tabharfaidh sé nó sí cóip de fhreagra an Fhreagraí duit. Féadfaidh an Cláráitheoir idirbheartaíocht a dhéanamh leis an dá pháirtí chun teacht ar chomhaontú.

Cad is frithéileamh ann?

Is é atá i bhfrithéileamh ná éileamh a dhéanann an Freagraí i d'aghaidh.

Cad a tharlaíonn mura n-agóidtear in aghaidh m'éilimh?

Má admhaíonn an Freagraí d'éileamh ní mór dó/di oifig an Chláráitheora a chur ar an eolas faoi sin trí fhoirm Fógra Glactha Dliteanais a chur chuici. Mura bhfreagraíonn an Freagraí, déileálfar leis an éileamh go huathoibríoch mar éileamh gan cheistiú. Déanfaidh an Chúirt Dúiche ordú ansin i d'fhabhar (gan ghá duit dul chun na cúirte) le haghaidh an mhéid éilithe, agus ordóidh sí go n-íocfaí é laistigh de shaintréimhse ama.

Cad a tharlaíonn mura n-éiríonn le Cláráitheoir na nÉilimh Bheaga m'éileamh a réiteach?

Mura bhfuil Cláráitheoir na nÉilimh Bheaga in ann socrú a dhéanamh tabharfaidh sé/sí an cás chun na Cúirte Dúiche le héisteacht, má iarrtar air/uirthi déanamh amhlaidh.

An gcaithfidh mé bheith i láthair héisteachta Cúirte Dúiche?

Caithfidh. Ar lá na cúirte, ná dearmad fianaise na dhoiciméadach a thabhairt leat a thacaíonn le d'éileamh, mar shampla, litreacha, admhálacha, sonraisc.

Cén chuma a bheidh ar an éisteacht Cúirte Dúiche?

Éistfear an cás go poiblí mar chuid de ghnáthshuí den Chúirt Dúiche. Ní mór fianaise a thabhairt faoi mhionn nó faoi dhearbhasc agus féadfaidh an Freagraí tú a cheistiú faoi nithe a bhaineann le d'éileamh (rud ar a dtugtar croscheistiú).

An féidir liom aturnae a thabhairt ann?

Is féidir. Féadfaidh tú aturnae a fhostú ar do chostas féin. Féadfaidh an Freagraí déanamh amhlaidh. Is é bunús an nóis imeachta seo ná gur féidir leat éileamh a dhéanamh gan úsáid a bhaint as aturnae. Má fhostaíonn tú aturnae beidh ort a c (h)ostais a ghlanadh fiú má bhuanann tú do chás.

An féidir liom finné a ghlaoch?

Is féidir. Ach má thabhaítear costais caithfidh tú féin iad a íoc. Má mheasann tú go bhfuil gá, ar mhaithe leat féin, le tuairisc saineolaí caithfidh tú íoc as sin. Ní mór duit féin íoc as costais a ghabhann le tuairiscí saineolaí agus finné. Ar an dul céanna, má ghlaonn an Freagraí saineolaithe nó finnéithe beidh air/uirthe íoc as a gcostais, más ann.

Cad is féidir liom a dhéanamh mura dtoilíonn finné freastal ar an éisteacht?

Déanfaidh Cláraitheoir na nÉilimh Bheaga, má iarrann tú é agus má íocann tú an táille bheag riachtanach, toghairm fhinné a ullmhú agus a eisiúint ar do shon á iarraidh ar an bhfinné freastal ar an éisteacht. Socróidh an Cláraitheoir seirbheáil na toghairme. Ceanglófar ort íoc as aon chailteanas airgeadais a thabhaítear ag an bhfinné lena f(h)reastal ar an gcúirt, má éilítear sin.

Cad a tharlóidh sa Chúirt Dúiche?

Féadfaidh an breitheamh iarraidh ar Chláraitheoir na nÉilimh Bheaga cabhrú leis an gcúirt ag an éisteacht. Nuair a ghlaotar do chás glaofaídh an Cláraitheoir chun chlár na mionn thú chun fianaise a thabhairt. Tabharfar deis don Fhreagraí freisin fianaise a thabhairt. Féadfaidh an páirtí freasúrach nó a (h)ionadaithe dlí gach finné a chroscheistiú.

Cad a tharlaíonn má chinntear an cás i m'fhabhar?

Má réitítear an cás i d'fhabhar, cuirfear an an Freagraí ar an eolas faoi chinneadh na cúirte roinnt laethanta i ndiaidh na héisteachta agus tabharfar thart ar 4 seachtaine dó/di chun an méid sin a íoc.

Cad a tharlaíonn mura n-íocann an Freagróir?

Mura n-íocann an Freagróir is féidir leat socrú a dhéanamh chun an t-Ordú Cúirte (Foraithne) a chur chuig an Sirriam do fhorghníomhú. Tá táille le níoc don Sirriam, ach déanfar é seo a aisíoc duit má éiríonn leis an Sirriam an t-Ordú Cúirte a fhorghníomhú. Is ábhar don Sirriam é forghníomhú an Ordaithe Chúirte. Is féidir

eolas faoi ghnáthaimh fhorfheidhmithe a fháil ó Chláraitheoir na nÉilimh Bheaga. De bharr chúiseanna áirithe ní éiríonn leis an Sirriam Orduithe Cúirte a fhorghníomhú i gcónaí.

An féidir cinneadh na Cúirte Dúiche a achomharc?

Is féidir. Tá an ceart ag an Iarratasóir agus ag an bhFreagraí achomharc a dhéanamh ar ordú den Chúirt Dúiche leis an gCúirt Chuarda. Féadfaidh an Chúirt Chuarda costais a dhámhachtain ach is faoin mbreitheamh Cúirte Cuarda féin é sin a chinneadh.

Breis eolas.

Is é príomhchuspóir na bileoige seo ná insint duit conas éileamh a dhéanamh. Is fút féin atá sé cinneadh ar éileamh a dhéanamh agus is fút féin amháin atá sé breith a dhéanamh ina leith sin.

Agus éileamh á dhéanamh ní mór duit a bheith cinnte faoi ainm agus faoi sheoladh an duine nó na cuideachta ar ina (h)aghaidh is mian leat éileamh a dhéanamh. Caithfidh na sonraí sin a bheith cruinn chun a chumasú don Sirriam an tOrdú Cúirte (Foraithne) a fhorghníomhú.

Nuair is cuideachta, seachas pearsa aonair, é an Freagraí tá sé tábhachtach go bhfaightear amach cad é teideal cruinn na cuideachta. Is féidir é sin a fháil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí, www.cro.ie nó LoCall 1890 220 226. D'fhéadfadh sé go mba ghá duit roinnt taighde a dhéanamh chun é sin a shoiléiriú.

Ná dearmad, is beag sásamh atá le baint as do chás a bhuanachan mura bhfuil aon airgead ag an bhFreagraí chun fiach breithiúnais a íoc. Déan machnamh go cúramach sula gcinneann tú ar éileamh a dhéanamh ach ná dearmad go bhfuil an nós imeachta ann chun cabhrú leat do mhionéileamh a dhéanamh le ró-oifigiúlachas nós imeachta íosta agus ar bheagán costais.

Teagmhálacha úsáideach

Oifigí Chúirte Dúiche áitiúil www.courts.ie.

Ionaid Eolais do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie teil. 0761 07 4000

An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

www.consumerhelp.ie LoCall 1890 432432

Is bileog fáisnéis é seo. Níl comhairle dlí á cur ar fáil againn. Má tá comhairle dlí uait, téigh i dteagmháil le dlíodóir.

Arna foilsiú ag;

Oifig Faisnéise, An tSeirbhís Chúirteanna

15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh,

Margadh na Feirme

Baile Átha Cliath 7.

www.courts.ie

Feabhra 2017



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service